# An nuacht

**Obair ghrúpa - plé**
Pléigh na ráitis seo leis na daoine eile i do ghrúpa – an aontaíonn sibh leo?

- Ní féidir le míreanna nuachta a bheith éadromchroíoch.
- Ní saoránach ceart tú mura bhféachann tú ar an nuacht go laethúil.
- Éistim le, féachaim ar nó léim an nuacht gach lá.
- Tá saol níos sona acu siúd nach mbacann le nuacht de chineál ar bith.
- Léitear an oiread páipéir nuachta inniu is a léití deich mbliana ó shin.
- Bréagnuacht an bhagairt is tromchúisí ar an tsochaí sa lá atá inniu ann.
- Is leor na giolcacha a fhaighim gach lá chun mé a choinneáil ar an eolas faoi nuacht an lae.
- Is é aidhm na gcainéal nuachta ná scéal a dhíol. Is cuma leo faoin fhírinne.



**Obair bheirte – scéal nuachta**
Pléigh an cheist thíos le chéile. Caithfidh sibh aontú ar an scéal nuachta céanna. Beidh oraibh labhairt leis na daoine eile sa rang ansin faoin scéal.

Cad é an scéal nuachta is tábhachtaí nó is iontaí le bliain anuas?

Insígí don rang faoin scéal. Déanaigí taighde ar an stór focal is oiriúnaí chun cur síos a dhéanamh ar an scéal sin. Agus sibh ag insint an scéil don rang, scríobhaigí na focail dheacra ar an chlár.

Mar shampla:

| | | |
|---|---|---|
| Páirtí na dTóraithe | Tromlach | Mandáid |
| Páirtí an Lucht Oibre | Feachtas | Éiginnteacht |

Bhuaigh Boris Johnson agus Páirtí na dTóraithe an t-olltoghchán sa Ríocht Aontaithe le déanaí. Bhuaigh siad le tromlach mór sa pharlaimint. Tá an mhandáid ag Johnson anois Breatimeacht a chur i bhfeidhm ag deireadh thiar thall. Chaill Páirtí an Lucht Oibre a lán suíochán agus beidh ceannaire an pháirtí sin ag éirí as a phost dá bharr. Deirtear go raibh an bua ag Johnson de bharr go raibh teachtaireacht an-simplí aige le linn an fheachtais – 'Cuirfimid Brexit i gcrích' agus de bhrí go bhfuil muintir na Ríocht Aontaithe dubh dóite den éiginnteacht a bhaineann le himeacht na Breataine ón Aontas Eorpach.

# Eimear Ní Chonaola A

**Obair bheirte – réamhobair**

Aimsígí an leagan Gaeilge de na focail/frásaí seo agus an t-alt á léamh agaibh:

to discard something
applied communications
broadcasting supervisor
camera work
bulletin
articulation



***Ar An Taifead***
le Breandán Delap.

**Bhur gcéad fáilte isteach Eimear Ní Chonaola, Léitheoir Nuachta TG4**

*Pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a chur ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú sa saol mór. . . é sin a dhéanamh ar bhealach beoga a mhúsclódh suim sa lucht féachana ach nach mbainfidh ó údarás an chraoltóra . . . a bheith réidh leis an réamhullmhúchán uilig a chaitheamh i dtraipisí agus tabhairt faoi scéalta atá á scaoileadh te-bhruite ar an aer.*

*Níl ansin ach blaiseadh de na dúshláin laethúla a bhíonn le sárú ag Eimear Ní Chonaola, príomhléitheoir Nuacht RTÉ/TG4.*

'Níl aon dá lá oibre mar a chéile mar go mbíonn an Nuacht ag síorathrú' a deir sí. 'Dúisím ar maidin ag éisteacht le Morning Ireland, agus bíonn mé ag malartú idir sin agus Adhmhaidin ar RnaG le barúil a fháil de phríomhscéalta nuachta an lae. Thiar ansin i mBaile na hAbhann, feicim céard iad na scéalta a bhíonn leagtha amach ag an gClár-Eagarthóir agus ag na hiriseoirí. Ar ndóigh, bíonn tuairisc le cur le chéile agamsa ar scéalta eachtracha an lae, agus bíonn leathshúil agam i gcónaí ar Sky News, ar fhaitíos go mbrisfeadh aon scéal mór. Déanaim iarracht an mhír eachtrach a chur i dtoll a chéile chomh luath is gur féidir liom, le go dtabharfaidh sé deis dhom díriú ar na scéalta atá Nuacht TG4 ag clúdach an lá sin. Níos déanaí tráthnóna, cuireann mé smideadh orm fhéin agus faigheann mé mo fheisteas réidh don oíche. Óna sé a chlog tráthnóna, bíonn cúrsaí gnóthach go maith. Ach arís braitheann chuile shórt ar an lá, agus an cineál scéalta a bhíonn ag briseadh.'

Tar éis di an tArd-Dioplóma sa gCumarsáid Fheidhmeach a dhéanamh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, thosaigh Eimear ag obair i TG4 in 1998 mar mhaor craolacháin, ag plé le heagarthóireacht, físmheascadh agus ceamaradóireacht. Fuair sí post iriseoireachta leis an seomra nuachta dhá bhliain ina dhiaidh sin. Dhá mhí níos déanaí bhí sí ag léamh nuachta!

Cad iad na scileanna is mó a theastaíonn le feasachán a chur i láthair?

'Creidim go gcaithfidh urlabhraíocht shoiléir a bheith ag duine leis an scéal a chur trasna go simplí agus go beacht. Teastaíonn caighdeán maith Gaeilge freisin. Is maith an rud ord is eagar a bheith agat ort fhéin. . . agus a bheith in ann cloí le sprioc ama. Caithfidh tú eolas a bheith agat ar chúrsaí reatha agus caithfidh tú freisin a bheith in ann ag brú agus eachtraí gan choinne ag tarlú ar aer. Ní hé an rud is tábhachtaí é, ach caithfidh tú caoi 's smais a chur ort féin, agus teastaíonn cur i láthair freisin!'

Lena chois sin, síleann sí go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an réamhullmhúchán agus taighde a dhéantar sula gcuirtear agallamh ar dhuine beo ar an nuacht.

'Caithfidh tú freisin am a úsáid go ciallmhar agus tá sé tábhachtach go gcuirfeá an duine ar a shuaimhneas roimh ré. In aon agallamh, is é an rud is tábhachtaí ná eolas nua a fháil amach. Ach, muna n-éisteann tú leis na freagraí, ní bheidh a fhios agat cad iad na ceisteanna is gá a chur.'

Tá taithí nach beag ag Eimear fosta a bheith ar an bhóthar i mbun ghnáthdhualgas iriseoireachta. Deir sí gurb í an chuimhne iriseoireachta is fearr atá aici, ná an tréimhse a chaith sí sa Nígir in iarthar na hAfraice i ndeireadh na bliana 2005 ag soláthar tuairiscí faoin ghorta ansin.

'Bhí mé fhéin agus an ceamaradóir Steven Macken amuigh sa bhfásach in éindí le treabh an Tuareg, daoine chomh spéisiúil agus chomh draíochtúil ní fhaca mé ariamh. Bhí a gcuid bealaí fhéin acu, agus bhí siad bródúil astu. Bhí muid sa tír aimsir Ramadan, daoine ag paidreoireacht agus ag troscadh ó dhubh go dubh. Ba dheacair a chreidiúint nár thóg sé ach os cionn ceithre uaire eitilt ó Pháras na Fraince go Niamey sa Nígir. . . agus go bhféadfadh difríocht chomh mór a bheith idir an dá áit.'

Ba í a bhí ag léamh na nuachta sna laethanta beaga i ndiaidh bhás an Phápa Eoin Pól in Aibreán 2005.

# Eimear Ní Chonaola B

'Bhí an tsochraid agus an t-adhlacadh thart agus bhí na meáin ar fad ar bís lena fháil amach cé a thiocfadh i gcomharba air. Bhí súile an domhain dírithe ar shimléar, agus muid ag fanacht le deatach bán a fheiceáil, rud a d'inseodh dhúinn go raibh Pápa nua ceapaithe. Ceann de na hoícheantaí agus muid ar an aer, bhí mé ag labhairt lenár dtuairisceoir Rónán Mac an Iomaire a bhí sa Vatacáin. Bhí muid díreach théis tosaí ag caint, nuair a chualathas clampar mór agus ruaille buaille. Bhí deatach de chineál éigint le feiceáil taobh thiar de ghualainn Rónáin. . . agus bhí air imeacht agus fáil amach cén dath a bhí ar an deatach. D'fhág muid an Róimh ar feadh dhá nóiméad, agus ansin chuaigh muid ar ais arís leis an scéal is déanaí a fháil ó Rónán. Bhí an rud ar fad chomh beo! Lá dár saol!'

**Obair bheirte – plé**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar mhaith leat féin post mar seo? An bhfuil na scileanna céanna agatsa is atá ag Eimear?

2. An raibh tú féin beo ar an aer riamh? Conas mar a bhí sé?

3. An cuimhin leat aon rud greannmhar nó aisteach a tharla beo ar an teilifís? Cad a tharla?

4. Cad í an mhír nuachta is iontaí a chonaic tú riamh? Cad a bhí inti?



**Obair bheirte – bréagnuacht**

Caithigí tamall anois ag féachaint ar nuacht an lae ar bhur nguth: Seo an tasc atá le déanamh:

1. Roghnaígí cúig scéal nuachta le chéile. Caithfidh na cúig scéal a bheith fíor. Ní chaithfidh gur mórscéalta ar fad atá iontu. Is leor aon scéal ar bith, fiú más scéal an-bheag é. Ba cheart go mbeadh meascán ann. Mar shampla:

   'Táinsíodh Uachtarán na Stát Aontaithe inniu'

   *nó*

   'Leagadh crann Nollag i lár Pháras de bharr na gaoithe móire'

2. Scríobhaigí ceannlínte bunaithe ar na cúig scéal, cosúil leis na samplaí thuas.

3. Anois, cumaigí ceannlíne amháin eile NACH BHFUIL fíor ach atá inchreidte.


4. Léigí amach na ceannlínte a scríobh sibh don rang. Iarr orthu an bhréagnuacht a aimsiú!

# Eimear Ní Chonaola C

**Obair bheirte – teanga**
Féachaigí arís ar an sliocht seo ón alt agus freagraígí na ceisteanna faoi.

1. Tá cúig bhotún sa sliocht - cad iad? Caithfidh tú a bheith in ann a rá cén fáth a bhfuil siad mícheart.

'Bhí an tsochraid agus an adhlacadh thart agus bhí na meáin ar fad ar bís lena fháil amach cé a thiocfadh i gcomharba air. Bhí súile an domhan dírithe ar shimléar, agus muid ag fanacht le deatach bán a fheiceáil, rud a d'inseodh **dhúinn** go raibh Pápa nua **ceapaithe**. Ceann de **na hoícheantaí** agus muid ar an aer, bhí mé ag labhairt lenár dtuairisceoir Rónán Mac an Iomaire a bhí sa Vatacáin. Bhí muid díreach **théis tosaí** ag caint, nuair a chualathas clampar mhór agus rúille búille. Bhí deatach de cineál **éigint** le feiceáil taobh thiar de ghualainn Rónáin. . . agus bhí air imeacht agus fáil amach cén dath a bhí ar an ndeatach. D'fhág muid an Róimh ar feadh dhá nóiméad, agus ansin chuaigh muid ar ais arís leis an scéal is déanaí a fháil ó Rónán. Bhí an rud ar fad chomh beo! Lá dár saol!'



2. Cad é an leagan caighdeánach de na focail a bhfuil cló dubh orthu?

3. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal i gcló Iodálach thíos?

'nuair a *chualathas*'

4. Bain úsáid as na briathra seo chun an ghné chéanna a thaispeáint sna haimsirí ar fad. Tá an chéad cheann déanta duit.

| | **Aim. Láith** | **Aim. Chaite** | **Aim. Fháist.** | **An Modh Coinn.** |
|---|---|---|---|---|
| **clois** | cloistear | chualathas | cloisfear | chloisfí |
| **abair** | | | | |
| **tuairiscigh** | | | | |
| **faigh** | | | | |
| **feic** | | | | |
| **scaoil** | | | | |
| **gabh** | | | | |
| **gearr** | | | | |
| **ionsaigh** | | | | |
| **léirigh** | | | | |

# Díbeartha

**Obair bheirte – filíocht**

Féachaigí ar an dá dhán agus pléigí na ceisteanna thíos:

| **Faoiseamh a gheobhadsa**<br>*Le Máirtín Ó Direáin* | **Home Was Your Refuge /**<br>**Now They Call You Refugee**<br>*Le Nikita Gill* |
|---|---|
| Faoiseamh a gheobhadsa<br>Seal beag gairid<br>I measc mo dhaoine<br>Ar oileáin mara,<br>Ag siúl cois cladaigh<br>Maidin is tráthnóna<br>Ó Luan go Satharn<br>Thiar ag baile.<br><br>Faoiseamh a gheobhadsa<br>Seal beag gairid<br>I measc mo dhaoine<br>Ó chrá chroí,<br>Ó bhuairt aigne,<br>Ó uaigneas dhuairc,<br>Ó chaint ghontach,<br>Thiar ag baile.<br><br> | Home is a language<br>you grew in your mouth<br>that no longer exists anywhere<br>but inside your heart and head.<br><br>Home is where<br>you had to teach your children<br>how to run from men who are dressed<br>in war and blood.<br><br>Home is now a legend<br>a story of where you grew up,<br>happy and safe before<br>they set your entire world aflame.<br><br>Home is where you ran to the sea<br>because the place you once belonged to,<br>now no longer remembers your name.<br><br>Home was your refuge.<br>Now, after cruelly<br>taking it from you<br>they call you a refugee |

1. Cathain a scríobhadh an dá dhán, dar leat?
2. Cé as an dá fhile, dar leat?
3. Cad é téama an dáin *Faoiseamh a gheobhadsa*?
4. Cad é téama an dáin *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee*?
5. Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir téamaí na ndánta?

**Obair bheirte**

Aistrígí an dán *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee* go Gaeilge.

**Obair ghrúpa**

Cad iad na príomhchúiseanna atá le méadú na hinimirce sa lá atá innu ann? Breacaigí síos cúpla cúis agus bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agaibh ar an stór focal is tábhachtaí chun cur síos a dhéanamh ar gach cúis.



# An aimsir

**Obair bheirte – stór focal**

Léigh féin agus an duine in aice leat an blúire seo ó bhlag Thaidhg Mhic Dhonnagáin faoi chúrsaí fearthainne. Déanaigí na tascanna thíos faoin bhlúire ansin.

Deirtí faoi na hEiscimigh (na hIonúitigh atá orthu na laethanta seo, seans) go raibh an-saibhreas foclóra acu a bhain le sneachta. Ag breathnú amach ar an gcuan, siar ó dheas uaim ó Gharraí Johnny Mhorgan táim ag cuimhniú gur i gcás an chultúir s'againn féin, is í an bháisteach an réimse aimsire is mó a bhfuil scil againn ann, agus ní gan chúis.

Ó bharr mo chinn, mar sin, seo chugaibh mo stór foclóra féin:

Tá sé ag cur báistí
Tá sé ag gleáradh báistí
Ag clagarnaigh (Corca Dhuibhne)
Tá sé ina sceana gréasaí
Brádán báistí
Múr báistí
Múiréileacha
Tháinig an lá ina chac báistí
Tá sé broghach (Iorras)
Báisteach throm, éadrom
Tá sé bog
Tá báisteach air
Tá sé ag cur (Uladh)
Tá braon caite aige
Aiteall (sos idir dhá mhúr - Conamara) Téigle (an rud céanna - Iorras)
Tá sé ag báisteach
Tá sé ag clagar (Múscraí)
Ag clagarnach (Conamara)
Salachar báistí
Cith báistí
Múraíl scaipthe
Fearthainn - ag cur fearthainne
Tá sé salach
Tá sé ina dhíle
Aimsir cheathach
Tá braon i mbéal na gaoithe
Tá sé ag stealladh (báistí)
Tá uisce mór déanta aige (Iorras)

Tá mé cinnte go bhféadfaí a bheith ag cur leis an liosta sin....

Tasc 1

Cuirfidh an múinteoir réamhaisnéis na haimsire ar siúl anois. Cuir líne faoi na focail thuas a chloiseann tú inti.

Tasc 2


Déanaigí ransú intinne ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí seo:

| **Na cineálacha gaoithe** | **Aimsir mhaith** | **Stoirmeacha** | **Aimsir fhuar** |
|---|---|---|---|
| *an ghaoth aduaidh...* | *seal gréine...* | *gála gaoithe...* | *sneachta…* |

# Fadhbanna sóisialta

**Obair bheirte – amhrán**
An aithníonn sibh an t-amhrán thíos? Bhain sé barr na gcairteacha amach sa bhliain 1981 sa Bhreatain. Léigí an t-amhrán le chéile. Cad lena mbaineann sé, dar libh?

*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Dúnadh na clubanna go léir*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Ní sheinnfear ceol a thuilleadh*
*Barraíocht troda ar an urlár rince*
*An cuimhin leat na laethanta órga roimh an bhánú?*
*Bhí ruaille buaille, rince 'is craic sa bhaile borrach*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Cad is cúis le bruíon idir óige?*
*An óige fágtha díomhaoin ag an rialtas*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Gan post le fáil fud fad na tíre*
*Ní thig dul ar aghaidh*
*Tá fearg ar na daoine*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*
*Baile tréigthe anois atá san áit seo*



**Obair ghrúpa**
Tá na téamaí a phléitear san amhrán chomh hábhartha inniu is a bhí sna hochtóidí:

<u>An tasc</u>
Tá ar gach grúpa scéal comhaimseartha a aimsiú a bhaineann leis an topaic atá acu. Caithfidh siad script ghearr nuachta a scríobh faoin scéal a aimsíonn siad. Roghnóidh gach grúpa urlabhraí ón ghrúpa chun an scéal nuachta a léamh amach don rang.

Grúpa 1: Meathlú uirbeach
Grúpa 2: Meathlú tionsclaíochta
Grúpa 3: Dífhostaíocht
Grúpa 4: Foréigean



# Míreanna nuachta

## Obair ghrúpa




### Grúpa 1

Téigí go dtí an suíomh http://vifax.maynoothuniversity.ie/an-bhliain-acaduil-seo/ agus roghnaígí mír ar bith a cheapann sibh atá suimiúil. Féachaigí ar an mhír le chéile. Beidh sibh ag cur na míre i láthair an ranga ar ball. Seo thíos an tasc atá le déanamh agat:

1. Mínigh cad a bheidh faoi chaibidil sa mhír.
2. Scríobh na focail is deacra ar an chlár agus pléigh na focail sin leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad iad.
3. Seinn an mhír faoi dhó.
4. Cuir ceisteanna ar an rang le cinntiú gur thuig siad an mhír.
5. Bain úsáid as na cleachtaí gramadaí chun pointe gramadaí a mhúineadh don rang.

### Grúpa 2

Téigí go dtí an suíomh http://vifax.maynoothuniversity.ie/an-bhliain-acaduil-seo/ agus roghnaígí mír ar bith a cheapann sibh NACH bhfuil suimiúil. Féachaigí ar an mhír le chéile. Beidh sibh ag cur na míre i láthair an ranga ar ball. Seo thíos an tasc atá le déanamh agat:

1. Mínigh cad a bheidh faoi chaibidil sa mhír.
2. Scríobh na focail is deacra ar an chlár agus pléigh na focail sin leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad iad.
3. Seinn an mhír faoi dhó.
4. Cuir ceisteanna ar an rang le cinntiú gur thuig siad an mhír.
5. Bain úsáid as na cleachtaí gramadaí chun pointe gramadaí a mhúineadh don rang.